Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13978/18**

**CFSP/PESC 1017**
**CSDP/PSDC 629**
**COPS 414**
**POLMIL 203**
**CIVCOM 226**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13977/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3652ú cruinniú a bhí aici ar an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

## I gCOMHTHÉACS STRAITÉIS DHOMHANDA AN AONTAIS EORPAIGH

1. Faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh i réimse na slándála agus na cosanta, agus an treoir ón gComhairle Eorpach á leanúint aici mar aon leis na conclúidí uaithi maidir leis na hábhair seo, meabhraítear don Chomhairle a dhiantiomanta atá sí do leibhéal uaillmhéine an Aontais a chur chun feidhme agus í ag freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha, agus acmhainní na gcomhpháirtithe á bhfothú agus an tAontas gona shaoránaigh á gcosaint aici ag an am céanna. Ach aghaidh a thabhairt ar na riachtanais slándála agus chosanta atá ag an Eoraip faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, cuirfidh an tAontas lena chumas gníomhú mar sholáthraí slándála, lena neamhspleáchas straitéiseach, agus lena ábaltacht comhoibriú lena chomhpháirtithe. Meabhraítear di, i gcomhréir le conclúidí mhí na Samhna, 2017, ón gComhairle, go rannchuideoidh an méid sin go cinntitheach leis na hiarrachtaí comhchoiteanna atá á ndéanamh, i gcomhthéacs an chaidrimh thrasatlantaigh freisin, agus go dtreiseoidh an méid sin rannchuidiú na hEorpa le hord riailbhunaithe domhanda a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta i réimse na slándála agus na cosanta le dhá bhliain anuas agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an dlús a choimeád tráth a mbeidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais rannpháirteach ar bhonn leanúnach. Leagann sí béim ar an ról lárnach atá ag na Ballstáit ó thaobh tionscnaimh éagsúla á rialáil.

Ós amhlaidh atá, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas inniu:

Comhshocrú sibhialtach CBSC

3. Is díol sásaimh di an comhaontú ar tháinig an Chomhairle agus na Ballstáit air maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC, lena dtugtar gealltanas uaillmhianach an comhbheartas slándála agus cosanta sibhialta a neartú, chun go mbeidh sé níos inniúla, níos éifeachtaí, níos freagrúla agus níos comhleanúnaí i dtimpeallacht athraithe slándála an lae inniu. Cabhróidh an comhshocrú le leibhéal uaillmhéine an Aontais agus na trí thosaíocht straitéiseacha a ghabhann leis sin a chomhlíonadh i réimse na slándála agus na cosanta, trí chúraimí CBSC a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur i gcrích. Cuireann sé in iúl go réitítear an bealach, leis an gcomhshocrú, chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh den chéad uair in Feira agus chun dul i ngleic le dúshláin slándála nár tháinig ann dóibh ach le gairid agus cinn arb ann dóibh le fada, arna sainaithníodh sa Straitéis Dhomhanda, chun cur chuige comhtháite an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus chun comhar agus comhordú a chothú idir CBSC agus seirbhísí an Choimisiúin agus gníomhaithe Ceartais agus Gnóthaí Baile eile, lena ndírítear ar an nasc idir an tslándáil inmheánach agus sheachtrach. Tá an Chomhairle ag súil go gcomhlíonfar an Comhshocrú agus na gealltanais atá ann faoi thús an tsamhraidh, in 2023, ar a dhéanaí, agus coimeádfaidh sí súil ghéar ar chur chun feidhme an chomhshocraithe.

Cumas Míleata Pleanála agus Seolta MPCC

4. Is díol sásaimh di an tionchar dearfach a bhí ag MPCC agus é i gceannas ar mhisean oiliúna míleata an Aontais agus é sin á rialú aige, agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le MPCC, a bunaíodh i mí an Mheithimh 2017 mar bhuanchumas pleanála agus seolta ar an leibhéal straitéiseach míleata sa Bhruiséil do na misin sin, i gcomhréir leis an bprionsabal faoina seachnaítear an dúbláil gan ghá i ndáil leis an obair a dhéanann ECAT. Cuireann sí i bhfios go láidir an obair thábhachtach atá déanta ag MPCC chuige sin ionas gur féidir leis an Aontas freagairt ar bhealach níos gasta, níos éifeachtaí, gan bhac mar sholáthraí slándála, mar chuid dá chur chuige comhtháite maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha.

5. Comhaontaíonn sí, ar bhonn na tuarascála ón Ardionadaí, cúraimí feidhmiúcháin reatha Lárionad Oibríochtaí AE a chomhtháthú sa MPCC, agus é mar chuspóir sin a bheith ullamh faoi dheireadh 2020 le bheith freagrach as pleanáil agus seoladh oibríochtúil mhisin neamhfheidhmiúcháin mhíleata CBSC agus as oibríocht fheidhmiúcháin mhíleata amháin CBSC atá teoranta do mhéid chathghrúpa AE. Cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart na hacmhainní daonna riachtanacha a chur ar fáil do MPCC (mar a comhaontaíodh) chomh maith le bonneagar, agus gur cheart an fhoireann a chur i mbun oiliúna agus cleachtaidh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór cur leis an bhfoireann de réir a chéile, ar bhealach leordhóthanach tráthúil, agus cuireann sí in iúl gur gá na coinníollacha uile a comhaontaíodh a chomhlíonadh chun gur féidir cumas iomlán oibriúcháin a bhaint amach.

6. Tugann sí dá haire go bhfuil ról feabhsaithe seo an MPCC ag teacht leis na roghanna eile ceannais agus rialaithe atá ann cheana d'oibríochtaí míleata CBSC agus nach ndéantar dochar leis do na roghanna sin.

7. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá níos mó den chomhordú idir MPCC agus an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) i gcónaí tríd an gComhaonad um Chomhordú Tacaíochta (JSCC) chun an comhordú agus comhar éifeachtach sibhialta míleata a chumasú agus a neartú a thuilleadh ó thaobh phleanáil agus sheoladh oibríochtúil mhisin CBSC, go háirithe maidir leis na réimsí lárnacha ina dtugtar tacaíocht do mhisin, chun go mbeidh an tionchar is mó acu agus chun go mbeidh siad chomh héifeachtach is féidir. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhar níos fearr idir MPCC, laistigh dá shainordú, agus gníomhaithe eile de chuid an Aontais mar chuid den chur chuige comhtháite.

8. Tagann sí leis an aidhm atá ann an chéad athbhreithniú eile a dhéanamh faoi dheireadh 2020, bunaithe ar thuarascáil ón Ardionadaí, arna hullmhú i gcomhairle leis na Ballstáit, gan dochar d'aon chéimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh ina dhiaidh sin agus a bheadh le cinneadh ag an gComhairle.

<u>Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO)</u>

Faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO),

9. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta maidir le PESCO a chur chun feidhme beagnach bliain amháin tar éis a bhunaithe, agus céimeanna nithiúla glactha maidir leis an gcreat institiúideach a chur i gcrích, chomh maith le tionscadail PESCO a bhunú agus a chur chun feidhme.

10. Meabhraítear di gur glacadh Moladh ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 maidir leis na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO – ar mó de cheangal ag roinnt leo – a chomhlíonadh de réir ord agus maidir le cuspóirí níos beaichte a shonrú. Ar an mbonn sin, athbhreithneoidh na Ballstáit rannpháirteacha a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme faoi na spriocamanna a comhaontaíodh agus tabharfaidh siad na pleananna sin cothrom le dáta. Ós mar sin atá, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí a céad tuarascáil bhliantúil PESCO a chur ar fáil, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus leis na spriocamanna a comhaontaíodh.

11. Glacann sí Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear agus lena dtugtar Cinneadh (CBES) 2018/340 an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go gasta tionscadail PESCO ar fad. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin an bhreisluach Eorpach soiléir a bhaineann le tionscadail uile PESCO, tionscadail a bheidh ina rannchuidiú leis na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh agus le Leibhéal Uaillmhéine an Aontais a bhaint amach, d'fhonn go bhfeicfear torthaí nithiúla agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais chumais agus oibríochtúla an Aontais. Is ceart iad a dhearadh agus a chur chun feidhme anois agus feasta ar bhealach a thiocfaidh le Tosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais (arna n-aontú) agus an t-athbhreithniú bliantúil comhordaithe ar chosaint. . Agus na cuspóirí seo á gcur san áireamh, iarrann an Chomhairle ar rúnaíocht PESCO tuarascáil a chur i láthair, faoi earrach na bliana 2019, sula seolfar an chéad ghlao eile ar thograí thionscadail PESCO, maidir leis na ceachtanna tosaigh a sainaithníodh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, d'fhonn feabhas a chur ar an bpróiseas chun tionscadail PESCO a shainaithint, a mheasúnú agus a roghnú.

12. Aithníonn sí go bhféadfadh, agus i gcomhréir le conclúidí an 13 Samhain 2107 ón gComhairle, go gcaithfeadh, an tríú stát breisluach suntasach a chur le tionscadail PESCO, rannchuidiú le neartú PESCO agus CBSC agus gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh, agus prionsabail neamhspleáchais chinnteoireachta an Aontais gona Bhallstáit á n-urramú san am céanna. Ós amhlaidh atá, tá an Chomhairle ag tnúth, i bprionsabal faoi dheireadh 2018, le Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh a luaithe is féidir, maidir leis na dálaí ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh a thabhairt ar bhonn eisceachtúil do thríú stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(g) agus Airteagal 9 den Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear PESCO, sa treoir a thugtar san fhógra maidir le PESCO agus sa Chinneadh ón gComhairle maidir le sraith choiteann rialacha rialachais.

An tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar an gCosaint (CARD)

13. Is díol sásaimh di an tuarascáil maidir leis an iarracht thriallach CARD agus molann sí do na Ballstáit rannpháirteacha na moltaí atá inti a chur chun feidhme.

14. Agus na ceachtanna a sainaithníodh á gcur san áireamh, comhaontaíonn sí CARD a sheoladh mar ghníomhaíocht bhuan, ag tosú leis an gcéad timthriall iomlán CARD in 2019/2020, d'fhonn níos mó treorach a thabhairt maidir le deiseanna comhoibríocha agus measúnú mionsonraithe den chumas Eorpach ina iomláine, agus treochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le forbairt cumais á gcur san áireamh freisin. Bunaithe ar rannpháirtíocht iomlán na mBallstát, cabhróidh freachnamh CARD, i dteannta PESCO agus an Ciste Eorpach Cosanta, leis an gcomhar cosanta a chur chun cinn agus le hinfheistíocht a dhéanamh sna cumais chosanta.

15. Aithníonn sí go gcuirfear freachnamh CARD in ionad na gcúraimí a bhí ann roimhe sin maidir le freachnaimh mheasúnaithe a dhéanamh faoin gCreat Beartais um Chomhar Cosanta Córasach agus Fadtéarmach.

16. Aithníonn sí gur áirithíodh go dtí seo, agus go n-áiritheofar feasta, comhleanúnachas an aschuir idir CARD – mar aon leis an bPlean Forbraíochta um Chumas – agus próisis ECAT faoi seach, amhail Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT, i gcás ina mbíonn ceanglais ag forluí ar a chéile, agus go n-aithneofar san am céanna cineál éagsúil an dá eagraíocht gona bhfreagrachtaí faoi seach.

An Ciste Eorpach Cosanta

17. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta, i gcomhthéacs an dá ghníomhaíocht reatha faoin Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta agus i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Cosanta a bheidh ann amach anseo, d'fhonn an t-iomaíochas domhanda, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a chothú ar fud an Aontais, trí thacú le gníomhaíochtaí comhoibríocha agus le comhar trasteorann idir eintitis dhlítheanacha ar fud an Aontais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe, chomh maith le hacmhainneacht thionsclaíoch na nuálaíochta, an taighde agus na forbartha teicneolaíche a shaothrú ar bhealach níos fearr, agus cur le neamhspleáchas straitéiseach agus le saoirse gníomhaíochta an Aontais ar an gcaoi sin.

18. Maidir leis na gníomhaíochtaí reatha, tá sí ag súil leis na torthaí atá ag teacht chun cinn anois as PADR agus is fada léi go gcuirfear críoch luath níos déanaí i mbliana leis an gclár oibre don EDIDP d'fhonn tús a chur le maoiniú tionscadal a luaithe is féidir in 2019.

19. Tá aontaithe aici cur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta, rud a réitíonn an bealach chun comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa chomh luath agus is féidir in 2019, gan dochar don chomhaontú foriomlán i ndáil leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

20. Athdhearbhaíonn sí gur gá EDIDP a chur chun feidhme agus go mbeadh na Ballstáit lánpháirteach agus an Ciste Eorpach Cosanta á fhorbairt a thuilleadh, go mbainfí lánúsáid as dearcadh agus saineolas na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) san obair forbartha sin, agus go mbeadh lámh ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) ann freisin.

Comhleanúnachas idir tionscnaimh an Aontais

21. Aithníonn sí an dul chun cinn atá déanta ó thaobh comhleanúnachas a áirithiú idir na tionscnaimh de chuid an Aontais lena bhféachtar le comhar a chothú i gcúrsaí cosanta na hEorpa (CARD, PESCO, an Ciste Eorpach Cosanta) d'fhonn tacú le cur chun feidhme Tosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais agus rannchuidiú ar mhaithe le Leibhéal Uaillmhéine an Aontais a bhaint amach i ndáil le slándáil agus cosaint, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí i ndáil leis sin.

22. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 13 Samhain 2017, iarrann an Comhairle ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán/Ceann na Gníomhaireachta leanúint de shineirgí agus comhordú breise a chur chun cinn idir tionscnaimh chosanta an Aontais, lena n-áirítear CARD, PESCO agus an Ciste Eorpach Cosanta, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí /Leas-Uachtarán/Ceann na Gníomhaireachta tuarascáil réamhbhreathnaitheach a thíolacadh faoi lár na bliana 2019 maidir leis na hidirghníomhaíochtaí, nascachtaí agus comhleanúnachas idir na tionscnaimh sin, lena n-áirítear an comhordú idir na hinstitiúidí agus na comhlachtaí tacaíochta ar leibhéal an Aontais, agus na ceachtanna faoi seach a aithníodh a chur san áireamh, mar aon le tuairisciú na mBallstát.

Foinse aonair fórsaí

23. Meabhraítear di, ós rud é nach bhfuil ag Ballstát ach 'foinse aonair fórsaí' is féidir leo a úsáid i gcreata éagsúla, go gcabhróidh forbairt chumais chosanta na mBallstát i gcreat an Aontais le neartú na gcumas sin a d'fhéadfaí a chur ar fáil freisin do na Náisiúin Aontaithe agus do ECAT.

An comhar idir an tAontas agus ECAT

24. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT an 8 Meitheamh 2018, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go rannchuidíonn iarrachtaí slándála agus cosanta an Aontais agus ECAT, ar bhealach suntasach comhleanúnach, leis an Eoraip a bheith slán, rud a bhfuil tairbhí agus freagrachtaí ag roinnt leis, agus lena gcothaítear cóir-roinnt an ualaigh, do na Ballstáit sin lena mbaineann.

25. Athdhearbhaíonn sí go leanann sí den chomhleanúnachas agus den athneartú frithpháirteach a áirithiú idir an tAontas agus ECAT agus go bhfuil a gcomhar siúd á dhéanamh le lánurraim do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle an dara Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT arna shíniú an 10 Iúil 2018 ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus Ard-Rúnaí ECAT. Aithníonn an Chomhairle an obair atá ag dul ar aghaidh i ndáil le cur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí lena gclúdaítear 74 gníomh agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go léireofar go bhfuil dul chun cinn gasta follasach á dhéanamh i ngach réimse. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh ar leith di an freachnamh hibrideach ilshrathach 2018 de chuid an Aontais mar shampla d'Fhreachnamh Comhthreorach Comhordaithe (PACE).

<u>An tSaoráid Síochána Eorpach</u>

26. Ag meabhrú na gconclúidí uaithi an 25 Meitheamh 2018 maidir leis an togra ón Ardrúnaí, arna thacú ag an gCoimisiún, maidir le Saoráid Síochána Eorpach (SSE), tugann sí dá haire, gan dochar d'aon chinntí a dhéanfar amach anseo, an rún atá ag an tSaoráid Síochána Eorpach mar atá á mholadh, feabhas a chur ar ábaltacht an Aontais an tsíocháin a choinneáil, coinbhleachtaí a sheachaint agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, agus dul chun cinn a dhéanamh, dá réir sin, i dtreo a Leibhéal Uaillmhéine a bhaint amach.

27. Cuireann sí i bhfios go láidir go gcaithfidh rialachas an SSE atá á mholadh úinéireacht na mBallstát a urramú go hiomlán mar aon lena ról tábhachtach in CBES agus tugann sí dá haire go háirithe go mbeidh réamhchinneadh ón gComhairle ag teastáil, i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, i ndáil le maoiniú gach gníomhaíochta faoin SSE mar atá á mholadh.

28. Tugann sí dá haire na féidearthachtaí a bheadh i gceist leis an tSaoráid atá á moladh ó thaobh na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú, rud a chaithfidh an Chomhairle a shainiú, na deiseanna le haghaidh comhordú, comhleanúnachas agus comhlántacht idir gníomhaíochtaí CBES an Aontais a mhéadú, agus idir iad agus ionstraimí seachtracha faoi bhuiséad an Aontais, mar aon le raon geografach na Saoráide. Aithníonn an Chomhairle go n-ionchorprófaí san SSE atá á mholadh, *inter alia*, cistiú na ngníomhaíochtaí atá á maoiniú faoi láthair leis an tSaoráid um Shíocháin san Afraic agus, ós mar sin atá, cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfadh an tAontas de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí síochánaíochta agus cobhsaíochta ar mhór-roinn na hAfraice.

29. Tugann sí dá haire go bhféadfaí, leis an tSaoráid atá á moladh, fothú acmhainní chomhpháirtithe an Aontais a mhaoiniú i ndáil le cúrsaí míleata nó cosanta chun cuspóirí CBES a shaothrú, cé go gcuireann sí i bhfios go láidir gur gá lánúsáid a bhaint as a bhfuil ar fáil faoi bhuiséad an Aontais ina leith sin.

30. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go gcaomhnófaí éifeachtúlacht oibríochtúil agus solúbthacht shásra Athena.

31. Meabhraítear di go leanfar de bheith ag féachaint ar na gnéithe airgeadais atá á moladh don SSE i gcomhthéacs chaibidlíocht an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2021-2027 agus cuireann sí i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go mbeadh comhleanúnachas ann idir na hionstraimí seachtracha maoinithe éagsúla.

32. Iarrann sí ar chomhlachtaí ábhartha ullmhúcháin na Comhairle leanúint ar aghaidh leis an obair, lena n-áirítear tríd an togra a oiriúnú, de réir mar a bheidh riachtanach.

<u>Maoiniú misean agus oibríochtaí míleata</u>

33. Meabhraítear di an rannchuidiú tábhachtach a rinne sásra Athena le maoiniú misean agus oibríochtaí míleata an Aontais agus iarrann sí go ndéanfaí an t-athbhreithniú atá á dhéanamh ar an sásra sin a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

34. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 18 Bealtaine 2017 maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh, agus ag feitheamh ar chur i gcrích an athbhreithnithe sin, aontaíonn sí go síneofaí Dearbhú na Comhairle maidir le cómhaoiniú imscaradh Chathghrúpaí an Aontais go dtí an 31 Nollaig 2020.

An tSoghluaisteacht Mhíleata

35. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 25 Meitheamh 2018, is díol sásaimh di cur chun feidhme leanúnach na n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar shoghluaisteacht pearsanra, ábhar agus trealaimh mhíleata le haghaidh na ngnáthghníomhaíochtaí agus le linn géarchéimeanna agus coinbhleachtaí, san Aontas agus lasmuigh de, i ngach modh iompair agus i ngach treo straitéiseach, rud a chuir ar chumas na mBallstát gníomhú ar bhealach níos sciobtha, níos éifeachtaí i gcomhthéacs an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus na ngníomhaíochtaí náisiúnta agus ilnáisiúnta. I ndáil leis sin, meabhraítear di nach féidir feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata gan Ballstáit uile an Aontais a bheith lánpháirteach, lántiomanta, bunaithe ar chur chuige lánrialtais agus rannpháirtíocht na n-údarás inniúil náisiúnta os cionn na n-aireachtaí cosanta, ar bhealach atá comhleanúnach le tionscnaimh ábhartha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs PESCO agus i ndlúthchomhar le ECAT mar chuid de chreat chur chun feidhme na nDearbhuithe Comhpháirteacha.

36. Athdhearbhaíonn sí i ndáil leis an gceannas, an chinnteoireacht, na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta, lena n-áirítear maidir le gluaiseachtaí míleata, infheistíochtaí bonneagair, rialacha agus prionsabail comhshaoil, go bhfuil siad sin bunriachtanach anois agus feasta agus go ndéanfar iad a lánurramú. Is de réir an cháis a dhéanfar gach cinneadh agus tar éis do gach údarás ábhartha náisiúnta a bheith páirteach ann.

37. Is díol sásaimh di go bhfuil na tionscadail PESCO a bhaineann le réimse na soghluaisteachta míleata á gcur chun feidhme a thuilleadh agus go bhfuil na ceithre bheart ar an leibhéal náisiúnta le cur chun cinn faoi dheireadh 2019 mar a comhaontaíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an 25 Meitheamh 2018, go háirithe mír 18 díobh. Ós amhlaidh atá, déanfaidh an Chomhairle measúnú bliantúil ar an dul chun cinn agus fillfidh sí ar cheist chur chun feidhme na gceithre bheart sin agus na dtorthaí inláimhsithe faoi shamhradh 2019, lena n-áirítear, más féidir, trí chuspóirí níos uaillmhianaí, agus iad faoi cheangal ama, a shainaithint.

38. Is díol sásaimh di gur cuireadh i gcrích na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas, ar dul chun cinn é ó thaobh chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, agus ar obair leantach é tar éis na coda uileghabhálaí a chomhaontaigh an Chomhairle i mí an Mheithimh, lena n-ionchorpraítear an t-ionchur náisiúnta ó Bhallstáit an Aontais agus lena léirítear paraiméadair mhíleata chineálacha ECAT do bhonneagair. Cé nach réamhbhreithniúnas iad i ndáil le cinntí atá le déanamh níos déanaí sa phróiseas, leis na ceanglais seo cuirtear an t-ionchur míleata ar fáil do na chéad chéimeanna eile i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear i ndáil le bonneagar iompair.

39. Iarrann sí ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, SEGS/Foireann mhíleata an Aontais agus GEC, scrúdú tráthúil a dhéanamh chun na bearnaí a aimsiú idir na ceanglais mhíleata agus paraiméadair an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair (TEN-T), agus an indéantacht, an trealamh atá ann faoi láthair, an inmharthanacht theicniúil, gnéithe airgeadais agus innealtóireachta á gcur san áireamh, mar aon leis na tosca geografacha. Sa chomhthéacs seo, gan réamhbhreithiúnas a dhéanamh i ndáil le caibidlíocht an chéad CAI eile, aithníonn an Chomhairle acmhainn an togra chun maoiniú an Aontais a chur ar fáil trí mheán chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, ar saoráid nua í chun tacú le bonneagar iompair ar an nGréasán TEN-T, ar mhaithe leis an tsoghluaisteacht mhíleata.

40. Is díol sásaimh di an obair atá á déanamh i gcreat na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, chun dhá thionscadal custaim a bhunú gan mhoill, lena léirítear a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a áirithiú idir an teimpléad agus an próiseas atá le forbairt ar thaobh amháin, agus nósanna imeachta ECAT ar an taobh eile, agus freisin an obair maidir le Cead i ndáil le Gluaiseacht Trasteorann, agus i dtaca leis sin, is fada leis an gComhairle go gcuirfear an Clár Socraithe ábhartha i gcrích go luath in 2019.